II

(Faisnéis)

DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA

Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach

Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2021

(2021/C 18 I/01)

I ndiaidh paindéim nach bhfacthas a leithéid cheana, tá cruthaithe ag an Aontas agus ag a shaoránaigh go bhfuil teacht aniar iontu. Leis an mborradh atá arís faoin gcoróinvíreas ar fud na hEorpa, áfach, is léir an géarghá atá ann go leanfaidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais de ghníomhú le cáiréis, dlúthpháirtíocht, aire agus comhordú chun an ghéarchéim seo a bhainistiú agus a chur dínn. Nuair a bhí athruithe reachtacha ag teastáil chun beatha agus slite beatha a chosaint, léirigh an Eoraip an diongbháilteacht agus an inniúlacht inti gníomhú go tapa de mheon na fíor-dhlúthpháirtíochta Eorpaí. Tá gníomhaíocht ollmhór déanta ag an Aontas chun éifeachtaí socheacnamaíocha na paindéime a chomhrac, le Creat Airgeadais Ilbhliantúil glactha aige ar fiú EUR 1 074 thrilliún é agus ciste téarnaimh "NextGenerationEU" ar fiú EUR 750 billiún é. Leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh fáil fhorleathan ar vacsaíní COVID-19 ag gach duine atá ina ngá.

Beidh na tosaíochtaí straitéiseacha a leag institiúidí an Aontais amach ag tús an téarma oifige seo - Eoraip shóisialta a bheidh níos sláintiúla, níos glaise, níos digití, níos cothroime, nach bhfágfaidh aon duine ar gcúl – fós mar threoir againn dár gcinntí agus dár ngníomhaíochtaí ionas go mbeidh ár sochaithe agus ár ngeilleagair níos athléimní ná riamh. Táimid tiomanta i gcónaí na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme, an fhéiniúlacht Eorpach a neartú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainn atá sna Conarthaí.

Léirítear sa Dearbhú Comhpháirteach do 2021, ina dtarraingítear as Clár Oibre an Choimisiúin don bhliain romhainn amach, an rún daingean comhchoiteann againn na hathruithe praiticiúla is mian le saoránaigh Eorpacha a thabhairt dóibh. Anois an t-am le himeacht ó straitéis go cur chun feidhme. Leis an Dearbhú Comhpháirteach seo tarraingítear aird pholaitiúil ar thograí reachtacha tábhachtacha ([1]) a thíolaic an Coimisiún Eorpach cheana féin nó a thíolacfaidh sé faoi fhómhar 2021. Déanfaidh na trí institiúid gach dícheall is féidir lena áirithiú go ndéanfar a oiread dul chun cinn is féidir idir seo agus deireadh na bliana. Meabhraítear dóibh na torthaí dearfacha a d'eascair as measúnuithe tionchair maidir le feabhas a chur ar cháilíocht reachtaíocht an Aontais agus go ngabhfaidh, mar riail ghinearálta, measúnú tionchair leis na tionscnaimh a chuimsítear sa Dearbhú Comhpháirteach as a dtiocfaidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta.

Aontaíonn na trí institiúid le tús áite a thabhairt do na tionscnaimh seo a leanas, chun a oiread is féidir a bhaint amach roimh dheireadh 2021 agus na forais a chur síos ar a mbunófar claochlú agus téarnamh na hEorpa agus lena gcothófar athléimneacht na todhchaí:

1. **An Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme,** lena n-áiritheofar go mbeidh an t-aistriú aeráide cóir agus nach bhfágfar aon duine ar gcúl, lena gcuirfear ar a chumas don Aontas an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus lena n-áiritheofar go ndéanfar dul chun cinn uaillmhianach ionsar na sprice sin faoi 2030, agus an bhitheagsúlacht á caomhnú, an dífhoraoisiú a aisiompú, ionas go mbeidh an tsoghluaisteacht níos cliste agus níos inbhuanaithe agus ar an gcaoi sin ár n-acmhainní nádúrtha a dhaingniú;

2. **Deacáid Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú**, oibreoimid chun margadh aonair fíor-dhea-fheidhmiúil a chruthú le haghaidh seirbhísí digiteacha laistigh de theorainneacha sábháilte agus eiticiúla, ceapfar creat le haghaidh intleacht shaorga iontaofa, déanfar ceannas na hEorpa a thabhairt ar aghaidh le spriocanna digiteacha do 2030 agus forbrófar geilleagar sonraí bríomhar, déanfar creat uile-Aontais a fhorbairt don ríomh-shainaitheantas poiblí slán, neartófar an príobháideachas sa chumarsáid leictreonach, déanfar inniúlachtaí agus athléimneacht cibearshlándála an Aontais a fhorbairt, go háirithe maidir le cúrsaí airgeadais, agus cánachas digiteach cothrom á shaothrú againn ag an am céanna; leanfaimid den digitiú a bhrú chun cinn, go háirithe maidir le hoideachas, oiliúint agus sláinte agus i ndáil le ceannasacht dhigiteach agus acmhainneacht nuálach na hEorpa chomh maith;

([1]) Faoin nGnáthnós Imeachta Reachtach

3. **Chun geilleagar a sholáthar a oibríonn ar son na ndaoine**, lena n-áiritheofar, go mbeidh an téarnamh chun leas na sochaí ar fad, tríd an margadh aonair a dhoimhniú agus ár dtionscail a neartú, agus gach dícheall á dhéanamh ar mhaithe le cothroime shóisialta agus rathúnas, iarmhairtí diúltacha na géarchéime a mhaolú ar son grúpaí sóisialta leochaileacha, ár dtiomantas a athnuachan d'earnáil chultúrtha bhríomhar agus atá láidir go heacnamaíoch. Ag an am céanna, an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhoimhniú, athléimneacht agus inbhuaine bhainc agus mhargaí caipitil na hEorpa a neartú, tuilleadh trédhearcachta a áirithiú i dtaca le cánachas ar ghnólachtaí ilnáisiúnta; agus an iomaíocht chóir a áirithiú laistigh den Aontas agus os comhair an domhain mhóir;

4. **Chun an Eoraip a dhéanamh níos láidre ar domhan**, neartóimid ceannaireacht fhreagrach agus comhpháirtíocht láidir na hEorpa; táimid faoi réir freisin le fuinneamh athnuaite a chur lenár gcaidreamh trasatlantach. Cuirimid chun cinn rialacha trádála idirnáisiúnta a dhéantar a fhorfheidhmiú mar is ceart agus a thugann cothrom na Féinne;

5. **Chun Eoraip atá saor agus sábháilte a chur chun cinn**, oibreoimid chun teacht ar chomhaontú nua maidir le tearmann agus imirce, lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar chúrsaí imirce ar bhealach cuimsitheach, agus chun rialú éifeachtach ar ár dteorainneacha seachtracha a áirithiú; an tsaorghluaiseacht a chosaint trí chreat Schengen a neartú; feabhas a chur ar fhreagairt na hEorpa ar ghéarchéimeanna sláinte. Gníomhóimid go cinntitheach chun scaipeadh ábhar sceimhlitheoireachta agus mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a chosc;

6. **Chun ár ndaonlathas a chaomhnú agus a neartú agus ár gcomhluachanna Eorpacha a chosaint**, leanfaimid d'acmhainneacht na hEorpa a neartú i ndáil leis an smacht reachta agus cearta agus saoirsí bunúsacha a chumhdach agus a chaomhnú agus saoránaigh a chosaint ar bhagairtí agus coireanna atá ag teacht chun cinn. Cuirfimid feabhas ar na rialacha maidir le páirtithe polaitíochta agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus maidir le fógraíocht pholaitiúil. Áiritheoimid comhar níos mó maidir le fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla agus glacfaimid bearta nua chun an comhionannas idir fir agus mná san áit oibre a shaothrú.

Fairis sin, meabhraítear dúinn ár ngealltanas:

— An treochlár ionsar acmhainní dílse nua a thabhairt isteach a chur chun feidhme;

— Oibriú ar son Eoraip a bheidh saor ó idirdhealú agus ina mbeidh cearta agus deiseanna comhionanna ag cách;

— Beartais athnuaite a shaothrú maidir le méadú agus comharsanacht, chomh maith le straitéis chuimsitheach leis an Afraic;

— Dul i ngleic le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, chomh maith le córas cánach atá fónta cothrom a áirithiú;

— Dul i gcomhairle leis na saoránaigh ionas go mbeidh guth níos láidre acu maidir le todhchaí na hEorpa lena n-áirítear tríd an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa atá ar na bioráin.

Oibreoidh na trí institiúid le chéile ar gach togra atá ar feitheamh, faoi threoir phrionsabail an bhreisluacha Eorpaigh, na coimhdeachta agus na comhréireachta. Leanfaimid ar aghaidh d'intinn dhaingean agus go hinniúil ionas go mbeidh an Eoraip in ann an beart a dhéanamh dá saoránaigh nuair is mó agus san áit is mó a theastaíonn.

Táimid tiomanta an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú mar is ceart.

Déanfaimidne, mar Uachtaráin ar Pharlaimint na hEorpa, ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar an gCoimisiún Eorpach, faireachán rialta ar chur chun feidhme tráthúil éifeachtúil an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo.

Съставено в Брюксел на десети декември две хиляди и двадесета година.

Hecho en Bruselas, el diez de diciembre de dos mil veinte.

V Bruselu dne desátého prosince dva tisíce dvacet.

Udfærdiget i Bruxelles den tiende december to tusind og tyve.

Geschehen zu Brüssel am zehnten Dezember zweitausendzwanzig.

Kahe tuhande kahekümnenda aasta detsembrikuu kümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκα Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι.

Done at Brussels on the tenth day of December in the year two thousand and twenty.

Fait à Bruxelles, le dix décembre deux mille vingt.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an deichiú lá de mhí na Nollag an bhliain dhá mhíle fiche.

Sastavljeno u Bruxellesu desetog prosinca godine dvije tisuće dvadesete.

Fatto a Bruxelles, addì dieci dicembre duemilaventi.

Briselē, divi tūkstoši divdesmitā gada desmitajā decembrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimtų metų gruodžio dešimtą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszadik év december havának tizedik napján.

Magħmul fi Brussell, fl-għaxar jum ta' Diċembru fis-sena elfejn u għoxrin.

Gedaan te Brussel, tien december tweeduizend twintig.

Sporządzono w Brukseli dnia dziesiątego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego.

Feito em Bruxelas, em dez de dezembro de dois mil e vinte.

Întocmit la Bruxelles la zece decembrie două mii douăzeci.

V Bruseli desiateho decembra dvetisícdvadsať.

V Bruslju, dne desetega decembra leta dva tisoč dvajset.

Tehty Brysselissä kymmenentenä päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentä.

Som skedde i Bryssel den tionde december år tjugohundratjugo.

За Европейския парламент
Por el Parlamento Europeo
Za Evropský parlament
For Europa-Parlamentet
Für das Europäische Parlament
Euroopa Parlamendi nimel
Για το Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο
For the European Parliament
Par le Parlement européen
Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
Za Europski parlament
Per il Parlamento europeo
Eiropas Parlamenta vārdā –
Europos Parlamento vardu
az Európai Parlament részéről
Ghall-Parlament Ewropew
Voor het Europees Parlement
W imieniu Parlamentu Europejskiego
Pelo Parlamento Europeu
Pentru Parlamentul European
Za Európsky parlament
Za Evropski parlament
Euroopan parlamentin puolesta
För Europaparlamentet

Председател
El Presidente
Předseda
Formand
Der Präsident
Eesistuja
Ο Πρόεδρος
The President
Le Président
An tUachtarán
Predsjednik
Il Presidente
Priekšsēdētājs
Pirmininkas
Az elnök
Il-President
De Voorzitter
Przewodniczący
O Presidente
Președintele
Predseda
Predsednik
Puheenjohtaja
Ordförande

David SASSOLI

За Съвета на Европейския съюз
Por el Consejo de la Unión Europea
Za Radu Evropské unie
For Rådet for Den Europæiske Union
Für den Rat der Europäischen Union
Euroopa Liidu Nõukogu nimel
Για το Συμβούλιο της Ευρωπαϊκής Ένωσης
For the Council of the European Union
Pour le Conseil de l'Union européenne
Thar ceann na Comhairle
Za Vijeće Europske unije
Per il Consiglio dell'Unione europea
Eiropas Savienības Padomes vārdā
Europos Sąjungos Tarybos vardu
Az Európai Unió Tanácsa részéről
Ghall-Kunsill ta' l-Unjoni Ewropea
Voor de Raad van de Europese Unie
W imieniu Rady Unii Europejskiej
Pelo Conselho da União Europeia
Pentru Consiliul Uniunii Europene
Za Radu Európskej únie
Za Svet Evropske unije
Euroopan unionin neuvoston puolesta
För Europeiska unionens råd

Председател
El Presidente
Předseda
Formand
Der Präsident
Eesistuja
Ο Πρόεδρος
The President
Le Président
An tUachtarán
Predsjednik
Il Presidente
Priekšsēdētājs
Pirmininkas
Az elnök
Il-President
De Voorzitter
Przewodniczący
O Presidente
Președintele
Predseda
Predsednik
Puheenjohtaja
Ordförande

Angela MERKEL

За Европейската комисия
Por la Comisión Europea
Za Evropskou komisi
For Europa-Kommissionen
Für die Europäische Kommission
Euroopa Komisjoni nimel
Για την Ευρωπαϊκή Επιτροπή
For the European Commission
Par la Commission européenne
Thar ceann an Choimisiúin
Za Europsku komisiju
Per la Commissione europea
Eiropas Komisijas vārdā –
Europos Komisijos vardu
az Európai Bizottság részéről
Ghall-Kummissjoni Ewropea
Voor de Europese Commissie
W imieniu Komisji Europejskiej
Pela Comissão Europeia
Pentru Comisia Europeană
Za Európsku komisiu
Za Evropsko komisijo
Euroopan komission puolesta
För Europeiska kommissionen

Председател
El Presidente
Předseda
Formand
Der Präsident
Eesistuja
Ο Πρόεδρος
The President
Le Président
An tUachtarán
Predsjednik
Il Presidente
Priekšsēdētājs
Pirmininkas
Az elnök
Il-President
De Voorzitter
Przewodniczący
O Presidente
Președintele
Predseda
Predsednik
Puheenjohtaja
Ordförande

Ursula von der LEYEN